Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7865/24**

**COPS 128**
**CFSP/PESC 398**
**CLIMA 127**
**DEVGEN 35**
**ENV 316**
**ONU 35**
**RELEX 339**
**CONUN 59**
**ENER 142**
**SUSTDEV 42**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Ghlas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Ghlas a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Márta 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Ghlas an Aontais**

***Taidhleoireacht an Aontais lena gcuirtear an t-aistriú glas cóir cuimsitheach chun cinn agus lena dtacaítear le gealltanais dhomhanda a chur chun feidhme***

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thromchúisí atá géarchéim thriarach phláinéadach an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe, ar géarchéim í a bhfuil dlús léi, atá ag doimhniú agus a dtreisíonn na gnéithe éagsúla di a chéile agus ar bagairt dhomhanda eiseach í dá réir sin a ghéaraíonn ábhair imní a bhí ann cheana. Creideann an Chomhairle go daingean nach mór aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim seo ar bhealach cuimsitheach comhtháite trí iltaobhachas feabhsaithe agus trí ghníomhaíocht dhomhanda agus mar chuid lárnach de bheartas eachtrach agus slándála an Aontais.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta go láidir oibriú i ndlúthchomhar lena chomhpháirtithe chun dlús a chur le haistriú glas atá cóir agus cuimsitheach ar fud an domhain. Leagann an Chomhairle béim ar an ról lárnach atá ag taidhleoireacht ghlas an Aontais maidir le gealltanais dhomhanda a dhaingniú agus a chomhdhlúthú agus maidir lena gcur chun feidhme a chur chun cinn, lena n-áirítear na gealltanais sin a cuimsíodh i dtoradh an chéad athbhreithnithe dhomhanda faoi Chomhaontú Pháras, a comhaontaíodh in Dubai ag an 28ú Comhdháil Aeráide de chuid na Náisiún Aontaithe, agus sa Chreat Domhanda Bithéagsúlachta. Sa chomhthéacs sin, leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit den chomhar le comhpháirtithe a neartú chun rannchuidithe uaillmhianacha arna gcinneadh go náisiúnta a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar na gealltanais a tugadh san athbhreithniú domhanda, lena n-áirítear 'aistriú ó bhreoslaí iontaise'. Ina theannta sin, oibreoidh an tAontas agus na Ballstáit le comhpháirtithe chun straitéisí agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta bithéagsúlachta a fhorbairt agus a thíolacadh, chomh maith le spriocanna ábhartha, a nuashonrófar agus a fhorbrófar roimh an 16ú Comhdháil Bhithéagsúlachta de chuid na Náisiún Aontaithe. Tathantaíonn an Chomhairle ar chomhaltaí G20 ceannaireacht a ghlacadh i ndáil leis sin, ós rud é go bhfuil siad freagrach as thart ar 80 % de na hastaíochtaí domhanda agus go bhfuil ról lárnach acu maidir le dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil agus aeráide an domhain. Leagann an Chomhairle béim láidir ar an ngá atá le gníomhaíocht láithreach phráinneach luathaithe, mar a chuirtear i dtreis i dtuarascálacha IPCC, IPBES agus IRP[1] agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá aistriú domhanda atá eolaíochtbhunaithe chuig aeráidneodracht atá cóir, cuimsitheach, inbhuanaithe, ag teacht leis an dúlra, agus i gcomhréir le gealltanais, beartais, prionsabail agus luachanna an Aontais. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí feabhas ar an gcomhar le comhpháirtithe ar gach leibhéal, agus go comhpháirteach le

[1] An Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide, an tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais agus an Painéal Idirnáisiúnta um Bainistiú Acmhainní

gnólachtaí agus le tionscail, chun tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil do chách leis an aistriú glas, lena n-áirítear iomaíochas neartaithe, cruthú post agus fás agus tarraingíonn sí aird ar an ról cumasúcháin atá ag an tsaorthrádáil oscailte chothrom.

3. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di an dochar don aeráid agus don chomhshaol, chomh maith le fulaingt ollmhór an duine, mar gheall ar choinbhleachtaí armtha atá ar siúl ar fud an domhain faoi láthair agus an baol a bhaineann leo do ghníomhaíocht éifeachtach dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thriarach phláinéadach.

4. Cáineann an Chomhairle cogadh foghach neamhdhleathach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin agus athdhearbhaíonn sí a tacaíocht bhuanseasmhach don Úcráin agus dá muintir. Tá damáiste ollmhór déanta don chomhshaol mar gheall ar an gcogadh, tá rioscaí sábháilteachta núicléiche ann agus ghin sé neamhshlándáil fuinnimh agus bia ar fud an domhain. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá measúnú a dhéanamh ar an damáiste sin, agus tá sí tiomanta aghaidh a thabhairt air sin i gcomhthéacs théarnamh agus atógáil na hÚcráine. Iarrann an Chomhairle freisin ar an gcomhphobal idirnáisiúnta an Rúis a thabhairt chun cuntais.

5. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe uile aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis agus ar an mífhaisnéis arb é is aidhm dóibh faisnéis bhréagach nó ionramháilte a bhaineann leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta, le díghrádú an chomhshaoil, leis an truailliú agus leis na hiarmhairtí a bhaineann leo, a chruthú agus a scaipeadh agus cuireann sí in iúl a thábhachtaí atá an eolaíocht agus an t-oideachas.

6. Is iad cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta treoir choiteann agus croíluachanna an Aontais i gcónaí, lena n-áirítear inár dtaidhleoireacht ghlas. Is ceart daonna í rochtain ar chomhshaol glan, sláintiúil agus inbhuanaithe. Ba cheart béim ar leith a leagan ar chearta leanaí agus daoine óga, ós rud é go bhfuil ról doshéanta acu maidir le dúshláin agus réitigh amach anseo ós iad a chothóidh na hathruithe atá de dhíth. Leanfaidh an tAontas freisin den chomhionannas inscne, de theachtadh iomlán chearta uile an duine ag mná agus cailíní, agus dá gcumhachtú a chaomhnú, a chur chun cinn agus a chosaint. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar ghuth agus ar rannpháirtíocht agus ar cheannaireacht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na nglún óg sa chinnteoireacht ar gach leibhéal atá dírithe ar bheartais aeráide, fuinnimh, chomhshaoil agus uisce a fheabhsú. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le comhar leis an tsochaí shibhialta, le cosantóirí chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol, le pobail dhúchasacha, le pobail áitiúla, le daoine faoi mhíchumas, agus leis na grúpaí sin a chosaint agus a chumhachtú.

7. Iarrann an Chomhairle go mbeadh cur chuige comhordaithe ann chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, le díghrádú talún, le gaineamhlú agus le cailliúint na bithéagsúlachta agus cuireann sí i dtreis an ról ríthábhachtach atá ag na haigéin agus ag na héiceachórais agus a thábhachtaí atá réitigh dhúlrabhunaithe. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle go gcuirfí feabhas ar an gcomhar idir rúnaíochtaí Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, an Choinbhinsiúin maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac agus iarrann sí ar na Páirtithe feabhas a chur ar an gcomhar idir na pointí fócasacha náisiúnta, de réir mar is iomchuí chun sineirgí níos láidre a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta.

8. Tá an Chomhairle ag tnúth le Comhshocrú atá dírithe ar ghníomhaíocht a ghlacadh ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe don Todhchaí i mí Mheán Fómhair 2024. Leis an gComhshocrú sin ba cheart go n-athdhearbhófaí an gealltanas an córas iltaobhach a athchóiriú agus a chur ar chumas na Náisiún Aontaithe aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus a phríomhghealltanais a chomhlíonadh, lena n-áirítear Clár Oibre 2030 agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFIanna), Comhaontú Pháras, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, agus Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal. Leis an gComhshocrú ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar na hidirnaisc idir an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, díghrádú comhshaoil, riachtanais forbartha, cearta an duine, an tsíocháin agus an tslándáil.

9. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe oibriú i ndlúthchomhar leis an Aontas chun dlús a chur leis an aistriú glas agus chun tairbhe a bhaint as agus tacaíonn sí le cur chun feidhme na ngealltanas domhanda trí chreataí ar nós comhghuaillíochtaí glasa, comhpháirtíochtaí glasa, cláir oibre ghlasa, idirphlé ardleibhéil, comhaontuithe trádála agus formáidí tábhachtacha eile le haghaidh comhair, mar shampla Comhaontú Shamó. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá na Comhpháirtíochtaí um Aistriú Fuinnimh Cóir agus tá sí tiomanta i gcónaí dá n-oibríochtú breise le tacaíocht ó na comhpháirtithe ábhartha. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe i gComharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt, sna Balcáin Thiar, san Afraic agus ar fud an domhain, go háirithe leis na tíortha is leochailí, lena n-áirítear na tíortha is lú forbairt agus Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha agus le tíortha comhpháirtíochta a bhfuil pleananna uaillmhianacha curtha chun cinn acu, trí thionscnaimh den Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta an Eoraip Dhomhanda agus Foireann na hEorpa, agus faoin straitéis *Global Gateway*, i measc tionscnaimh eile. Cuireann an Chomhairle i dtreis an tábhacht a bhaineann le ról na hearnála príobháidí agus na ngnólachtaí mar aon lena thábhachtaí atá sé comhoibriú leo sna hiarrachtaí sin.

10. I gcomhréir lena gconairí Aontais faoi seach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an tacaíocht agus an comhar leis na hiarrthóirí ar aontachas leis an Aontas a neartú chun dlús a chur lena n-ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le fuinneamh, leis an gcomhshaol agus leis an aeráid agus lena chur chun feidhme, lena n-áirítear i gcomhthéacs an Chomhphobail Fuinnimh, agus chun a n-aistriú glas cóir cuimsitheach a éascú.

11. Gabhann an Chomhairle buíochas le hAontas na nÉimíríochtaí Arabacha as Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP28) a óstáil in Dubai agus is díol sásaimh di gur glacadh comhdhearcadh Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha. Tá an tAontas ag tnúth le bheith ag obair leis na comhpháirtithe uile, lena n-áirítear leis an triúracht atá ann faoi láthair: an Uachtarántacht reatha, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, agus Uachtaránachtaí inteachta na hAsarbaiseáine agus na Brasaíle ar COP chun torthaí rathúla uaillmhianacha COP29 agus COP30 a bhaint amach.

12. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di, in ainneoin an dul chun cinn fhoriomláin a rinneadh ar an leibhéal iltaobhach agus na gcéimeanna agus na ngníomhaíochtaí nithiúla a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta, nach bhfuil na páirtithe i gComhaontú Pháras ar an mbóthar ceart go fóill chun cuspóir agus spriocanna fadtéarmacha an chomhaontaithe a bhaint amach, mar a aithnítear sa chéad athbhreithniú domhanda.

13. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe uile obair leantach a dhéanamh maidir le cur chun feidhme thoradh an chéad athbhreithnithe dhomhanda mar threoir thábhachtach le haghaidh gníomhaíocht fheabhsaithe sa deacáid chriticiúil seo, agus le haghaidh ullmhú na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta (RCNanna), atá le tíolacadh 6 go 9 mí roimh COP30 i mí na Samhna 2025[2], a léireoidh an leibhéal uaillmhéine is mó is féidir chomh maith le sineirgí a lorg le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Is gá uaillmhian mhéadaithe le linn na deacáide criticiúla seo, agus ina dhiaidh sin, chun laghdú 43 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain a bhaint amach faoi 2030 agus laghduithe 60 % a bhaint amach faoi 2035, i gcomparáid le leibhéil 2019. Molann an Chomhairle do chomhaltaí G20 a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le cur i bhfeidhm thoradh an chéad athbhreithnithe dhomhanda, lena n-áirítear an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise, agus iarrann sí ar na comhpháirtithe uile oibriú leis an Aontas agus lena Bhallstáit ar RCNanna níos uaillmhianaí. Chomh maith leis sin tá an tAontas tiomanta oibriú le tíortha comhpháirtíochta, comhpháirtithe forbartha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí ar nós Chomhpháirtíocht RCN, chun RCNanna uaillmhianacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bhfuil sprioc 2035 ag gabháil leo. Meabhraíonn an tAontas go n-iarrann COP28 ar na páirtithe uile spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair a áireamh ina gcuid RCNanna, lena gcumhdaítear na gáis cheaptha teasa, na hearnálacha agus na catagóirí uile agus iarrann an tAontas orthu a bheith ailínithe leis an sprioc an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C. Iarrann an Chomhairle freisin ar thíortha comhpháirtíochta a straitéisí forbartha fadtéarmacha maidir le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa a thíolacadh nó a thabhairt cothrom le dáta chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta a bheith aeráidneodrach faoi 2050 ar a dhéanaí agus go bhfuil sé d'aidhm aige astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, agus go bhfuil sprioc idirmheánach leagtha síos aige chun glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990. Tá gníomhaíocht dhiongbháilte chinntitheach á déanamh ag an Aontas chun na spriocanna sin atá ceangailteach ó thaobh dlí agus a chumhdaítear sa Dlí Aeráide Eorpach a bhaint amach, agus tá sé ag tairiscint taithí, ceachtanna foghlama, dea-chleachtais, agus na réitigh nuálacha atá forbartha trí bheartas, taighde, tionscal agus gnó an Aontais le comhpháirtithe ar fud an domhain a roinnt, mar thacaíocht chun RCNanna níos uaillmhianaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

---

[2] *Cinneadh ón 5ú CMA, 'Outcome of the first global stocktake', mír 166, réamhleagan nach bhfuil eagarthóireacht déanta air* [CMA4_AUV_TEMPLATE (unfccc.int)](CMA4_AUV_TEMPLATE (unfccc.int)).

15. Tugann an Chomhairle dá haire gur foilsíodh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí agus na moltaí inti. Tá sí mar bhonn don phlé le haghaidh RCNanna an Aontais atá le tíolacadh roimh COP30. Tugann sé le fios go bhfuil ar mhargaí agus infheisteoirí, agus comhpháirtithe idirnáisiúnta eile a n-uaillmhian féin a mhéadú agus an domhan a chur ar chonair atá comhoiriúnach leis an sprioc teochta 1.5 ˚C.

16. Iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe oibriú leis an Aontas chun cur chuige domhanda a fhorbairt maidir le praghsáil carbóin, mar an bealach is éifeachtúla agus is costéifeachtaí chun astaíochtaí a laghdú agus infheistíochtaí glasa a spreagadh, agus spreagann sí dlínsí eile a sásra praghsála carbóin féin a thabhairt isteach nó a fheabhsú trí mhargaí carbóin a ailíniú leis an nglao ar ghníomhaíocht i gcomhair margaí carbóin atá ailínithe le Comhaontú Pháras, agus tacaíonn sí leis an dlínsí é sin a dhéanamh. I gcomhréir leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha, arb é is aidhm dó an riosca sceite carbóin a laghdú ar bhealach atá comhoiriúnach le EDT, iarrann an Chomhairle go bhfeabhsófaí an comhar idirnáisiúnta agus an fhor-rochtain ar chomhpháirtithe chun astaíochtaí carbóin sa phróisis táirgthe a laghdú.

17. Chomh maith leis sin iarrann an Chomhairle go práinneach ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú le comhpháirtithe agus laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus den Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun teacht ar chomhaontú maidir le bearta uaillmhianacha lena dtabharfar aghaidh ar astaíochtaí ón iompar idirnáisiúnta, lena n-áirítear loingseoireacht agus eitlíocht, agus obair a dhéanamh chun aeráidneodracht a bhaint amach san earnáil foirgníochta faoi 2050. Iarrann an Chomhairle freisin ar an Aontas agus ar na Ballstáit sprioc uaillmhianach dhomhanda maidir le hidreafluaracarbóin a laghdú a chur chun cinn faoi Leasú Kigali ar Phrótacal Montréal, chomh maith le laghdú suntasach ar gháis F eile, mar shampla $SF_6$, sna 10 mbliana amach romhainn.

18. Ag aithint di an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme an Ghealltanais Dhomhanda maidir le Meatán, meabhraítear don Chomhairle an gá atá le bearta nithiúla chun dul i ngleic leis na hastaíochtaí meatáin atá ag dul i méid. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar chomhpháirtithe nach ndearna amhlaidh go fóill páirt a ghlacadh sa Ghealltanas agus bearta nithiúla laghdaithe meatáin a chur san áireamh ina RCNanna. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí spriocdhírithe sna hearnálacha ábhartha uile agus cuireann sí i dtreis na deiseanna gearrthéarmacha san earnáil fuinnimh chun aghaidh a thabhairt ar sceitheadh, scaoileadh agus bladhmadh meatáin agus iarrann sí go neartófaí an rannpháirtíocht le tíortha comhpháirtíochta chun tacú le hobair na Faireachlainne Idirnáisiúnta um Astaíochtaí Meatáin. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé dálaí a chruthú, lena n-áirítear trí scéimeanna trádála éifeachtacha chun astaíochtaí meatáin a laghdú, mar shampla 'bailígí sibhse an gás is ceannóimidne é', i gcomhar le tíortha táirgthe[3].

19. I bhfianaise na hiarrata san athbhreithniú domhanda go n-aistreofaí ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh ar bhealach cóir, ordúil agus cothrom, agus dlús á chur leis an ngníomhaíocht sa deacáid chriticiúil atá romhainn, chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 i gcomhréir leis an eolaíocht, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le gníomhaíocht bunaithe ar na Conclúidí uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2023. Sa chomhthéacs sin, tá rún daingean ag an Aontas agus a Bhallstáit dul i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta chun earnáil fuinnimh a bheidh saor, den chuid is mó, ó bhreoslaí iontaise a chur chun cinn i bhfad roimh 2050 i gcomhréir leis an sprioc aeráidneodracht a bhaint amach faoi lár an chéid, agus oibriú ar an méid sin a chur chun feidhme, trí ghníomhaíocht luathaithe sa deacáid chriticiúil seo, garspriocanna agus uaillmhian bhreise san earnáil, arb é is aidhm dóibh córas cumhachta domhanda atá dícharbónaithe go hiomlán nó den chuid is mó a bhaint amach sna 2030í, agus iarrann siad nach gceadófaí gléasraí nua cumhachta gualbhreoslaithe. I ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle chun suntais a thábhachtaí atá sé go mbeadh comhar éifeachtach ann le tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí thionscnaimh iltaobhacha mar shampla an Chomhghuaillíocht um Dheireadh a chur le hÚsáid Guail. Meabhraítear don Chomhairle an gá atá le deireadh a chur de réir a chéile agus a luaithe is féidir leis na fóirdheontais breoslaí iontaise nach dtugann aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh ná ar an aistriú cóir.

[3] Conclúidí ón gComhairle ó mhí Dheireadh Fómhair 2023 maidir leis na hullmhúcháin don 28ú Comhdháil de na Páirtithe (COP28) de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Dubai, an 30 Samhain – 12 Nollaig 2023).

20. Is díol sásaimh don Chomhairle na comhpháirtithe a ghlac páirt sa Ghealltanas Domhanda maidir le Fuinneamh In-athnuaite agus Éifeachtúlacht Fuinnimh, agus molann sí do na comhpháirtithe uile na spriocanna domhanda san athbhreithniú domhanda maidir leis an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite dhomhanda a mhéadú faoi thrí agus meánráta bliantúil domhanda na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030 sna RCNanna agus iad a chur chun feidhme. Iarrann an Chomhairle ar thaidhleoireacht an Aontais leanúint de dhlús a chur le glacadh agus le comhtháthú an chórais fuinnimh in-athnuaite agus cur chuige bunaithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, ós iad na teicneolaíochtaí maolaithe is mó atá ullamh don mhargadh agus atá ar fáil ar scála, agus iarrann sí go ndéanfaí beartas fabhrach a fhorbairt agus sreafaí airgeadais a ailíniú, go háirithe chun tacú le tíortha atá i mbéal forbartha. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí atá idirnaisc leictreachais le tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear leis na Balcáin Thiar, Comharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt. Iarrann an Chomhairle ar thaidhleoireacht an Aontais leanúint de chur chun feidhme teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

21. Aithníonn an Chomhairle an gá atá le margaí domhanda hidrigine atá riailbhunaithe, trédhearcach agus neamhshaofa agus bunaithe ar chaighdeáin iontaofa agus ar scéimeanna deimhniúcháin iontaofa, agus ar chur in úsáid an bhonneagair is gá, agus a bheith feasach ar an mbrú a chuirtear ar uisce agus an comhshaol ag an am céanna. Leagann an Chomhairle béim gur ar mhionscála amháin is ann do theicneolaíochtaí laghdaithe astaíochtaí nach ndéanann dochar suntasach don chomhshaol, agus gur cheart iad a úsáid go príomha chun astaíochtaí a laghdú in earnálacha inar deacair laghduithe a dhéanamh agus gur chun rannchuidiú le hastú diúltach domhanda is ceart teicneolaíochtaí bainte a úsáid, agus nár cheart iad a úsáid chun moill a chur ar ghníomhú ar son na haeráide in earnálacha ina bhfuil roghanna malartacha maolúcháin ar fáil atá indéanta, éifeachtach agus costéifeachtach, go háirithe sa deacáid chriticiúil seo.

22. Ós rud é go roghnaíonn roinnt tíortha comhpháirtíochta fuinneamh núicléach, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá leanúint de na caighdeáin is airde ó thaobh na sábháilteachta núicléiche, an chomhshaoil agus na trédhearcachta de a chur chun cinn ar bhonn réigiúnach, i ngarchomharsanacht theorainneacha an Aontais, agus ar fud an domhain agus tacú leis an méid sin.

23. Iarrann an Chomhairle go neartófaí fadbhreathnaitheacht chun measúnú a dhéanamh ar bheartas réamhghníomhach chun aghaidh a thabhairt go mear ar dhinimic gheopholaitiúil an aistrithe dhomhanda fuinnimh atá ag athrú, agus chun teagmháil a dhéanamh leis na comhpháirtithe i bhfianaise an mheatha a mheastar a thiocfaidh ar an éileamh ar bhreoslaí iontaise san Aontas, i gcóngar an Aontais agus ar fud an domhain.

24. Is díol sásaimh don Chomhairle na hiarrachtaí éifeachtacha éagsúlaithe, inter alia, trí Ardán Fuinnimh an Aontais agus AggregateEU a chuidigh le deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas fuinnimh an Aontais ar an Rúis. Chun slándáil agus inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú le linn an aistrithe chuig an aeráidneodracht, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na hiarrachtaí éagsúlaithe sin, i gcomhréir le Dearbhú Versailles, i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé margaí trédhearcacha, riailbhunaithe agus leachtacha a neartú, mar aon le hidirnaisc le tríú tíortha, agus aithníonn sí ag an am céanna gur cheart cruthú gaibhniú breoslaí iontaise a sheachaint chun go n-áiritheofar pleanáil fuinnimh ailínithe leis an téamh domhanda a theorannú do 1.5°C, agus na deiseanna a d’fhéadfadh a theacht chun cinn maidir le hathrú cuspóra sa bhonneagar agus féachaint chuige go mbeidh sé slán i bhfad na haimsire. Tugann an Chomhairle dá haire, agus is cúis imní di, méadú na gcibearbhagairtí agus na mbagairtí fisiciúla ar bhonneagar criticiúil fuinnimh, agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé córais fuinnimh athléimneacha a neartú, lena n-áirítear trí chomhoibriú le comhpháirtithe domhanda. Leanfaidh Taidhleoireacht an Aontais de thacaíocht a thabhairt d’iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag na Ballstáit a ndéantar difear dóibh chun soláthairtí breoslaí núicléacha a éagsúlú, de réir mar is iomchuí.

25. Tá an Chomhairle tiomanta na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach, lena n-áirítear san earnáil fuinnimh, agus cosc a chur ar a n-imchéimniú, agus iarrann sí ar na comhpháirtithe feabhas a chur ar an gcomhar maidir le forfheidhmiú an bheartais maidir le caidhp phraghais ar ola.

26. Tá an Chomhairle tiomanta leanúint de thacaíocht a thabhairt don Úcráin i gcomhar leis na comhpháirtithe, lena n-áirítear an trealamh is gá chun a córas fuinnimh a dheisiú, a athbhunú agus a chosaint, agus earnáil fuinnimh níos athléimní, níos díláraithe agus níos inbhuanaithe a thógáil a bheidh comhtháite go dlúth leis an Aontas.

27. Chun slándáil fuinnimh a áirithiú agus spleáchais straitéiseacha a laghdú sna blianta amach romhainn, cuireann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé slabhraí soláthair domhanda na n-amhábhar criticiúil is gá don aistriú fuinnimh a neartú agus a éagsúlú i gcomhréir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, lena n-áiritheofar ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta agus an ghné gheopholaitiúil á cur san áireamh go hiomlán.

28. Meabhraítear don Chomhairle a phráinní atá sé na gealltanais a tugadh i ndáil leis an mbochtaineacht fuinnimh agus le rochtain uilíoch ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a chomhlíonadh i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7, lena n-áirítear trí shamhlacha airgeadais inscnefhreagrúla chun éifeachtaí inscneacha na bochtaineachta fuinnimh a chomhrac agus chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag mná ar phoist fuinnimh ghlain. Iarrann an Chomhairle go ndíreofaí go háirithe ar rochtain a thabhairt ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar leictriú tuaithe a chur in úsáid trí chórais dhíláraithe fuinnimh, agus ar dhúshlán na cócaireachta glaine, lena n-áirítear i suíomhanna ina bhfuil daoine easáitithe. I ndáil leis an méid sin, iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe cur lena n-iarrachtaí agus lena rannchuidiú, chun tacú leis na daoine is leochailí agus is mó atá i ngátar.

29. Caithfear maoiniú níos mó a chur ar fáil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim thriarach phláinéadach agus caithfidh an chuid is mó den mhaoiniú sin teacht ó fhoinsí príobháideacha. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a phráinní atá sé go mbeadh na sreabha airgeadais ag teacht leis an gcur chuige i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de sa deacáid seo mar chumasóir ríthábhachtach san iarracht dhomhanda ar mhaoiniú a chur ar fáil ar mhórscála agus chun maoiniú inbhuanaithe domhanda agus margaí caipitil a dhoimhniú i ndáil leis sin.

30. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí agus a phráinní atá sé dlús a chur leis an athchóiriú ar an ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta agus tugann sí dá haire tionscnaimh ar nós an Chruinnithe Mullaigh le haghaidh Comhshocrú Nua Maoinithe Domhanda agus Clár Oibre Bridgetown 2.0. Iarrann an tAontas agus a Bhallstáit ar bhainc forbartha iltaobhacha, ar a scairshealbhóirí agus ar an earnáil phríobháideach, dlús mór a chur le soláthar agus slógadh an mhaoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide go gasta, chun go mbeidh rochtain níos fearr ag na pobail agus na tíortha is boichte agus is leochailí go háirithe ar an maoiniú sin, lena n-áirítear limistéir leochaileacha agus limistéir ina bhfuil coinbhleacht, a mbíonn fiacha arda orthu go minic agus easpa spáis fhioscaigh acu. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé nach mbeadh ar aon tír rogha a dhéanamh idir an bhochtaineacht a chomhrac agus troid ar son an phláinéid. Molann an tAontas d'institiúidí airgeadais a dtacaíocht a mhéadú go háirithe do thionscnaimh oiriúnaithe agus forbartha athléimneachta, agus cothromaíocht á baint amach ag an am céanna idir maolú agus oiriúnú.

31. Tá an tAontas agus a Bhallstáit ag súil lena bheith ag obair le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun an sprioc nua chomhchoiteann chainníochtaithe a leagan síos maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide ag COP 29, agus tosaíochtaí agus riachtanais na dtíortha atá i mbéal forbartha á gcur san áireamh, ina mbeidh maoiniú poiblí mar ghné thábhachtach, agus díriú ar bhealach níos fearr ar na tíortha agus na pobail is leochailí go háirithe, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ról lárnach atá aige maidir le hinfheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil. Ní mór an timpeallacht chumasúcháin le haghaidh infheistíochtaí a neartú freisin, níos mó uaillmhéine a spreagadh i leith na haeráide, chomh maith le hinfheistíocht phríobháideach agus slógadh acmhainní intíre a spreagadh i ngach tír.

32. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil bonn níos leithne rannchuiditheoirí ag teastáil mar réamhriachtanas chun an sprioc nua uaillmhianach chomhchoiteann chainníochtaithe a leagan síos agus iarrann sí ar na tíortha uile, na geilleagair atá ag teacht chun cinn san áireamh, rannchuidiú leis an sprioc nua de réir a gcumas airgeadais. Ag aithint di go bhfuil riachtanais mhóra ann agus nach leor na gnáthfhoinsí airgeadais poiblí amháin chun an sprioc nua a bhaint amach, tá foinsí breise, nua agus nuálacha airgeadais á n-iarraidh ag an gComhairle ó réimse leathan foinsí, lena n-áirítear ó earnáil na mbreoslaí iontaise agus ó earnálacha ard-astaíochta eile, a bheidh le sainaithint agus le húsáid chun maoiniú a chur ar fáil don troid i gcoinne an athraithe aeráide, lena n-áirítear chun tacú leis na tíortha agus na pobail is boichte agus is leochailí ó thaobh na haeráide de chun athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a mhaolú agus a fhorbairt. Tá an Chomhairle ag tnúth leis an obair a dhéanfaidh an Tascfhórsa um Chánachas Idirnáisiúnta agus leis na chéad mheasúnuithe uaidh ar na roghanna a chuirfear i láthair ag COP29.

33. In 2022, chuir an tAontas agus a Bhallstáit EUR 28.5 billiún leis an maoiniú poiblí idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide, agus díríodh níos mó ná leath den tsuim sin ar oiriúnú don athrú aeráide nó ar ghníomhaíocht thrasearnálach lenar bhain tionscnaimh i dtaca le maolú agus oiriúnú araon, agus cuireadh suim bhreise EUR 12 bhilliún de mhaoiniú príobháideach ar fáil, rud a chuir go mór leis an sprioc USD 100 billiún maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide.

34. I bhfianaise na n-iarmhairtí tromchúiseacha atá ag an athrú aeráide cheana féin, cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil rún daingean aici oibriú le comhpháirtithe chun pleananna náisiúnta oiriúnaithe a fhorbairt chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht oiriúnaitheach, athléimneacht a neartú agus leochaileacht a laghdú, go háirithe leis na tíortha is leochailí sna tíortha is lú forbairt agus i stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha trí úsáid a bhaint as cuir chuige oiriúnaithe bunaithe ar éiceachórais, i gcás inar féidir. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur glacadh Creat Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha don Athléimneacht Dhomhanda i leith na hAeráide ag COP 28, agus na spriocanna a comhaontaíodh. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí feabhas ar an gcomhordú agus ar an gcomhar idir na struchtúir atá ann cheana agus na próisis maidir le hoiriúnú don athrú aeráide laistigh agus lasmuigh de UNFCCC, chun an tacaíocht do thionscnaimh oiriúnaithe agus forbartha athléimneachta a mhéadú agus feabhas a chur ar chur chun feidhme na dtionscnamh sin, go háirithe i limistéir leochaileacha agus i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus meabhraíonn sí a thábhachtaí atá sé tacú le tionscnamh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Luathrabhaidh do Chách. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin go bhfuil sí tiomanta do chuspóirí Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste. Tá comhar á mholadh ag an gComhairle chun feabhas a chur ar an athléimneacht agus neamhchosaint ar riosca aeráide a bhainistiú.

35. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé, mar ábhar práinne, dlús a chur leis an ngníomhaíocht dhomhanda, le tacaíocht ó gach foinse, chun an caillteanas agus an damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus is díol sásaimh di gur cinneadh ag COP28 na socruithe nua cistiúcháin a chur i bhfeidhm, ina measc ciste chun cabhrú le tíortha atá i mbéal forbartha atá an-leochaileach d’éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus iad ag freagairt ar chaillteanas agus ar dhamáiste. Is díol sásaimh don Chomhairle na gealltanais a tugadh maidir le caipitliú tosaigh an chiste agus maidir leis na socruithe cistiúcháin atá ann cheana, lena n-áirítear gealltanais shuntasacha ón Aontas, ó Bhallstáit an Aontais agus ó Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, agus iarrann sí go gcuirfí tús leis an gciste go gasta.

36. Cuireann an tAontas agus a Bhallstáit in iúl go bhfuil siad tiomanta a bheith chun tosaigh sna hiarrachtaí comhchoiteanna ar mhaoiniú don oiriúnú a chur ar fáil agus a shlógadh do thíortha atá i mbéal forbartha agus béim ar leith á leagan ar thíortha agus ar phobail atá an-leochaileach d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide, mar shampla, na tíortha is lú forbairt, stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha, agus stáit leochaileacha a bhfuil coinbhleachtaí iontu. Ar an gcaoi sin, iarrann an Chomhairle ar na comhpháirtithe uile, ó na réigiúin uile, de réir a gcumas airgeadais, agus iad siúd nach iad an bonn traidisiúnta de sholáthraithe maoinithe don fhorbairt san áireamh, a dtacaíocht a leathnú don oiriúnú don athrú aeráide agus do na socruithe cistiúcháin chun freagairt ar chaillteanas agus ar dhamáiste, lena n-áirítear don chiste. I bhfianaise mhéid na ndúshlán, leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le foinsí cistiúcháin nua agus nuálacha a shainaithint.

37. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an oidhreacht chultúrtha a chosaint ar éifeachtaí tubaisteacha an athraithe aeráide agus eachtraí adhaimsire.

38. Ag tógáil ar thorthaí Ionchas na nAcmhainní Domhanda 2024 (Global Resource Outlook), ó Phainéal Idirnáisiúnta Acmhainní Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, agus mar thoradh ar an athbhreithniú domhanda, leagann an Chomhairle béim ar na deiseanna a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar ciorclach i dtaca le tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe a bhaint amach, éifeachtúlacht acmhainní a éascú, giniúint dramhaíola, astaíochtaí gás ceaptha teasa, truailliú comhshaoil agus tionchair dhiúltacha ar an mbithéagsúlacht a laghdú. Chun dlús a chur leis an aistriú, iarrann an Chomhairle go dtionólfaí Comhdháil ardleibhéil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le SFI12 agus iarrann sí ar na comhpháirtithe páirt a ghlacadh sa Chomhaontas Domhanda maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus Éifeachtúlacht Acmhainní.

39. Agus truailliú á chomhrac ar bhonn domhanda, iarrann an Chomhairle go dtabharfaí i gcrích, faoi 2024, na hiarrachtaí comhpháirteacha chun an chaibidlíocht maidir le hionstraim uaillmhianach idirnáisiúnta a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí chun deireadh a chur le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, a bheidh bunaithe ar chur chuige na saolré iomláine, agus a thabharfaidh teachtaireacht shoiléir maidir le táirgeadh polaiméirí plaisteacha príomhúla a laghdú. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le rannpháirtíocht chuiditheach ghníomhach leis na comhpháirtithe i ndáil leis an méid sin. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis an gCreat Domhanda maidir le Ceimiceáin – Do Phláinéad Saor ó Dhíobháil ó Cheimiceáin agus ó Dhramhaíl agus iarrann sí go mbunófaí Painéal um Beartas Eolaíochta go tráthúil chun cabhair bhreise a thabhairt i dtaca le bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola agus chun truailliú a chosc.

40. Ag athdhearbhú di go bhfuil sí an-tiomanta do Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme, tathantaíonn an Chomhairle ar na Páirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar a Straitéisí Náisiúnta agus a bPleananna Gníomhaíochta maidir leis an mBithéagsúlacht agus spriocanna náisiúnta a bheidh ag teacht leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta a chur faoi bhráid Rúnaíocht an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht in am trátha do COP 16 i mí Dheireadh Fómhair 2024.

41. Cuireann an Chomhairle i dtreis go gcaithfidh Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CP-CB) an móiminteam a neartú chun an **Creat Bithéagsúlachta Domhanda a chur chun feidhme**, agus an obair ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach a thabhairt chun críche, go háirithe slógadh acmhainní, an sásra iltaobhach chun na tairbhí a bhaineann le faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha a chomhroinnt agus maidir leis na sásraí faireacháin, tuairiscithe agus athbhreithnithe.

42. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas dlús a chur leis an gcistiú don bhithéagsúlacht dhomhanda agus a phráinní atá sé na sreafaí ábhartha fioscacha agus airgeadais a ailíniú le haidhmeanna agus spriocanna an Chreata Bithéagsúlachta Domhanda. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar na gníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear bainc forbartha iltaobhacha, a gcuid scairshealbhóirí agus an earnáil phríobháideach, maoiniú bithéagsúlachta a mhéadú trí iniúchadh a dhéanamh ar na foinsí uile lena n-áirítear ionstraimí nuálacha maoinithe, an leas is fearr is féidir a bhaint as sineirgí le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide agus comhordú idirnáisiúnta feabhsaithe chun caighdeáin a ailíniú d’uirlisí airgeadais inbhuanaithe, mar shampla tacsanomaíochtaí. Gheall an tAontas a chistiú seachtrach don bhithéagsúlacht a dhúbailt go EUR 7 mbilliún don tréimhse 2021-2027 agus thug roinnt Ballstát gealltanais den chineál céanna. Molann an Chomhairle do na gníomhaithe ábhartha uile tacú agus rannchuidiú leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta a bunaíodh faoin tSaoráid Dhomhanda don Chomhshaol agus iarrann sí ar na tíortha uile dreasachtaí, lena n-áirítear fóirdheontais, atá díobhálach don bhithéagsúlacht a shainaithint faoi 2025, agus ansin dreasachtaí a chéimniú amach nó a athchóiriú ar bhealach comhréireach, cóir, cothrom, éifeachtach, cothromasach.

43. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé neodracht maidir le díghrádú talún a bhaint amach faoi 2030 agus is díol sásaimh di COP16 a bheith ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac san Araib Shádach ós é seo an t-am chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht náisiúnta agus dhomhanda maidir le hathchóiriú talún, sláinte ithreach, athléimneacht triomaigh agus an t-aistriú glas.

44. Aithníonn an Chomhairle gur ábhar imní domhanda é cobhsaíocht an timthrialla dhomhanda uisce atá mar bhonn agus mar thaca leis na SFInna uile a bhaint amach. Aithníonn an Chomhairle ról na n-éiceachóras uisceach, go háirithe bogaigh, i ngníomhaíochtaí aeráide agus bithéagsúlachta. Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise na géarchéime domhanda uisce, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá cur chuige straitéiseach ón Aontas maidir le hathléimneacht agus slándáil uisce agus cuireann sí i dtreis an gá atá le taidhleoireacht fheabhsaithe i ndáil leis sin. Molann an Chomhairle iarrachtaí comhpháirteacha chun rialachas iltaobhach éifeachtach a bhaint amach, lena n-áirítear trí Thoscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le hUisce a cheapadh, trí thosaíochtaí a bhaineann le huisce a chomhtháthú níos fearr i bpróisis iltaobhacha ábhartha agus trí idirphlé rialta idir-rialtasach maidir le huisce agus comhdhálacha uisce eile de chuid na Náisiún Aontaithe a eagrófar in 2026 agus in 2028 agus tríd an One Water Summit a thionólfar i Nua-Eabhrac in 2024. Is díol sásaimh don Chomhairle an Clár Oibre Gníomhaíochta Uisce a bheith mar phríomhthoradh ar Chomhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe 2023 agus gur glacadh rún maidir le huisce ag an 6ú Comhthionól Comhshaoil de chuid na Náisiún Aontaithe agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go pras iad. Tacaíonn an Chomhairle leis an straitéis uile-chórais maidir le huisce agus sláintíocht atá ar na bacáin, faoi stiúir NA-Uisce, chun cur leis an móiminteam polaitiúil SFI6 a bhaint amach. Molann an Chomhairle freisin go leanfaí de dhomhandú Choinbhinsiún Uisce na Náisiún Aontaithe maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta a d’fhéadfadh cabhrú leis an gcobhsaíocht, leis an tsíocháin agus leis an tslándáil dhomhanda.

45. Dearbhaíonn an Chomhairle gur díol sásaimh di an bhéim a leagtar in COP28 ar an ngá atá le tuilleadh infheistíochta, gníomhaíochta agus tacaíochta chun an dífhoraoisiú agus an díghrádú foraoise a stopadh agus a aisiompú faoi 2030, lena n-áirítear trí neartú ar bhainistiú inbhuanaithe foraoisí agus ar thalmhaíocht agus córais bhia inbhuanaithe. Tá a chuid féin á déanamh ag an Aontas agus rachaidh sé i mbun idirphlé agus comhair le comhpháirtithe, lena n-áirítear trí chreat straitéiseach an Aontais le haghaidh rannpháirtíochta, faoi chuimsiú pacáistí tíre d’fhoraoisí, don dúlra agus don aeráid, agus faoi Thionscnamh tiomnaithe Fhoireann na hEorpa i dtreo aistriú domhanda chuig slabhraí luacha nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu.

46. Agus é á aithint ag an gComhairle go mbíonn tionchar ag talmhaíocht agus ag córais bhia ar an athrú aeráide agus ar chailliúint na bithéagsúlachta, aithníonn sí freisin an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide agus ag cailliúint na bithéagsúlachta ar an talmhaíocht agus ar na córais bhia ar a seal, agus gur cuid den réiteach iad an talmhaíocht agus na córais bhia chomh maith, measann an Chomhairle go bhfuil géarghá le haistriú i dtreo córais talmhaíochta agus bhia a bheidh inbhuanaithe agus athléimneach agus tá sí tiomanta leanúint den chomhar leis na comhpháirtithe i ndáil leis an méid sin.

47. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an ról tábhachtach atá ag gníomhaíocht aigéanbhunaithe lena n-áirítear a fheidhm 'carbón gorm', agus ag an mbithéagsúlacht mhuirí agus chósta, sna hiarrachtaí maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin agus maidir leis an tslándáil bia. Leagann an Chomhairle béim, dá réir sin, ar a riachtanaí atá sé SFI14 a bhaint amach agus geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle go mbeadh rialachas agus idirphlé idirnáisiúnta níos láidre ann maidir leis na haigéin agus is díol sásaimh di Comhdháil 'Our Ocean' 2024 sa Ghréig agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe 2025 maidir leis na hAigéin sa Fhrainc agus tugann gealltanas uaithi a bheith rannpháirteach ar an leibhéal is airde is féidir.

48. Iarrann an Chomhairle ar chomhaltaí uile an Choimisiúin um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha limistéir mhuirí nua faoi chosaint a ghlacadh san Aigéan Theas chun córas ionadaíoch de limistéir mhuirí faoi chosaint a bhunú mar sprioc nithiúil, faoi sprioc 30x30 Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus cur chun feidhme SFInna.

49. Tar éis ghlacadh an Chomhaontaithe faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, rud atá ríthábhachtach do shláinte ár n-aigéan, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta dá dhaingniú go pras agus iarrann sí ar na comhpháirtithe dlús a chur lena bpróiseas daingniúcháin ionas gur féidir leis an gcomhaontú teacht i bhfeidhm in am do Chomhdháil na Náisiún Aontaithe 2025 maidir leis na hAigéin.

50. Is díol sásaimh don Chomhairle an **Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le 'Dearcadh nua maidir leis an nasc idir an aeráid agus an tslándáil:** Aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil ar an tsíocháin, ar an tslándáil agus ar an gcosaint', agus iarrann sí go gcuirfí chun feidhme go hiomlán, go cuimsitheach agus go pras í.

51. Dearbhaíonn an Chomhairle a ríthábhachtaí go mbeadh comhthuiscint níos fearr ann go mbíonn éagobhsaíocht agus coinbhleachtaí méadaithe mar thoradh ar an athrú aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil, agus *vice versa*, anuas ar fhulaingt an duine, ganntanas acmhainní, lena n-áirítear neamhshlándáil uisce agus bia, easáitiú inmheánach agus imirce éigeantais. Is bacainn iad freisin ar na SFInna a bhaint amach agus bíonn tionchar acu ar an tsláinte dhomhanda. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle go mbeadh tuilleadh rannpháirtíochta ann maidir leis na saincheisteanna sin i bhfóraim ábhartha iltaobhacha agus idirnáisiúnta agus aird ar leith á tabhairt ar na tionchair dhíréireacha ar dhaoine leochaileacha, chomh maith le mná agus leanaí, lena n-áirítear leanaí i gcoinbhleacht armtha.

52. Is díol sásaimh don Chomhairle uaillmhian na Teachtaireachta maidir le comhpháirtíochtaí a threisiú lena n-áirítear comhpháirtíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe, le ECAT, leis an Aontas Afracach, le ESCE agus le príomh-chomhpháirtithe ábhartha eile, i gcomhréir le clár oibre iltaobhach níos leithne an Aontais i dtaca leis an athrú aeráide agus leis an gcomhshaol agus i gcomhréir le creat institiúideach an Aontais agus lánurraim á tabhairt do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais. Dearbhaíonn an Chomhairle gur díol sásaimh di freisin Gealltanais Chomhpháirteacha an 11 chomhalta de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), agus iarrachtaí Mheitheal Cairde na Náisiún Aontaithe um an aeráid agus an tslándáil, dlús a chur go córasach leis an tuiscint fhrithpháirteach agus leis an tiomantas frithpháirteach, agus aghaidh a thabhairt orthu, laistigh de CSNA maidir leis na hidirnaisc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil.

53. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé an nasc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil a thabhairt chun tosaigh san Aontas agus i ngníomhaíocht sheachtrach Bhallstáit an Aontais bunaithe ar chur chuige comhtháite uile-rialtaisfianaisebhunaithe, agus ar phleanáil agus cinnteoireacht neartaithe ón Aontas agus óna Bhllstáit a bheidh bunaithe ar an aeráid agus ar an gcomhshaol , chomh maith le fócas níos fearr ar íogaireacht coinbhleachta sa ghníomhú ar son na haeráide. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún cur le hiarrachtaí maidir le hullmhacht i leith na haeráide a fheabhsú agus maidir le feabhas a chur ar chumas an Aontais aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an tslándáil atá bainteach leis an athrú aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs mhisin agus oibríochtaí CBSC an Aontais agus trí leas iomlán a bhaint as ardán tiomnaithe oiliúna.

54. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí feabhas ar an gcomhar domhanda chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht idirnáisiúnta chomhshaoil, lena n-áirítear gáinneáil ar adhmad, ar fhiadhúlra, ar mhianraí agus ar dhramhaíl, atá ar cheann de na cineálacha coireachta eagraithe is brabúsaí agus a théann i gcion ar éiceachórais agus ar shlándáil, ar an smacht reachta, ar shláinte agus ar shlite beatha daoine. I ndáil leis an méid sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé plean gníomhaíochta athbhreithnithe an Aontais a chur chun feidhme i gcoinne na gáinneála ar fhiadhúlra ina dugtar aird ar leith ar chomhpháirtíocht dhomhanda níos láidre idir tíortha foinseacha, tíortha tomhaltóirí agus tíortha idirthurais.

55. Díríonn an Chomhairle aird ar a thábhachtaí atá sé cur leis na hiarrachtaí an t-aistriú glas cóir cuimsitheach a chur chun cinn agus tacú le gealltanais dhomhanda a chur chun feidhme, i ndlúthchomhar le tíortha comhpháirtíochta. Agus í ag cur le cur chuige Fhoireann na hEorpa, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar Bhallstáit uile an Aontais, taidhleoireacht ghlas an Aontais a threisiú go comhpháirteach mar thosaíocht pholaitiúil trí chomhordú méadaithe, trí mhalartú faisnéise agus trí chomhar a mhéadú trí líonraí ábhartha atá bunaithe ar chaipiteal, lena n-áirítear an Gréasán Taidhleoireachta Glaise agus an Grúpa Saineolaithe um Thaidhleoireacht Fuinnimh, plé tiomnaithe i Meithleacha ábhartha geografacha agus téamacha na Comhairle agus ar an leibhéal áitiúil. Ar an gcaoi sin agus trí na bealaí sin, iarrann an Chomhairle ar Bhallstáit an Aontais, ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún a gcuid tuairimí a roinnt ar a chéile go rialta maidir le taidhleoireacht ghlas an Aontais. Ar an leibhéal áitiúil, molann an Chomhairle comhordú agus comhar níos dlúithe fós idir Ambasáidí Bhallstáit an Aontais agus Toscaireachtaí an Aontais, de mheon Fhoireann na hEorpa lena n-áirítear trí fhéachaint ar mhoil neamhfhoirmiúla taidhleoireachta glaise, ag obair go dlúth le comhpháirtithe idirnáisiúnta, chun an tionchar is mó is féidir a bhaint as for-rochtain agus tacaíocht an Aontais. Leis na Conclúidí sin, dearbhaíonn an Chomhairle go láidir go bhfuil rún daingean ag an Aontas oibriú leis na comhpháirtithe chun gealltanais dhomhanda a dhaingniú agus a chomhdhlúthú, agus chun spriocanna, beartais agus ionstraimí a dhéanamh díobh sin, agus RCNanna níos uaillmhianaí a bheith ar cheann de na príomh-mhodhanna chun an méid sin a bhaint amach. Déanfaidh an Chomhairle obair leantach rialta maidir le taidhleoireacht ghlas an Aontais.